SCG Examinations and OCG Assessments. Please Read Carefully.
Scrúduithe SCG agus Measúnuithe OCG. Léigh go Cúramach le do thoil.

- The repeat SCG Examinations and OCG Assessments will take place on Thursday 20 and Friday 21 August as scheduled.

Beidh na Scrúduithe SCG agus na Measúnuithe OCG ar siúl Déardaoin 20 agus Aoine 21 Lúnasa mar a bhí sceidealaithe.

- Given current exceptional and unprecedented circumstances candidates will, on this occasion undertake examinations and assessments remotely (normally at the home/residence of candidate). Candidates will return their answer booklets by registered post.

Mar gheall ar na cúinsí reatha eisceachtúla gan fasach, tógfaidh iarrthóirí na Scrúduithe agus na Measúnuithe, an uair seo, go cianda (sa bhaile / i dteach an iarrthóra de ghnáth). Cuirfidh iarrthóirí a bhfreagarleabhair ar ais tríd an bpost cláraithe.

- You will be required to self-certify that each paper was undertaken according to regulations. Self-certification will require you to certify that:
  1. The work is entirely your own work.
  2. That you have spent only the allowed time for each examination / assessment on that examination / assessment
  3. That you did not communicate, in any form (in person, on-line, on social media, by phone etc.), with fellow candidates, tutors, or any other person during the examinations / assessments.

Beidh ort féin-deimhniú a thabhairt go ndearna tú gach páipéar de réir na rialachán. San fhéin-deimhniú sin, beidh ort a dheimhniú:

1. Gur leatsa agus leatsa amháin an obair.
2. Gur chaith tú an t-am atá leagtha síos do gach scrúdú / measúnú, agus é sin amháin, ar an scrúdú / measúnú sin.
3. Nach ndearna tú cumarsáid le comh-iarrthóirí, le teagascóirí nó le haon duine eile ar aon bhealach (go pearsanta, ar líne, ar na meáin shóisilata, ar an bhfón agus araile) i rith na scrúduithe / na measúnuithe.

- You should undertake the work in a quiet room free from distraction. You should prepare this area in advance. You will have **48 hours** from the time you begin the first examination to post all answer booklets back to: Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (SCG /OCG), Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9. Please post using the envelope and the label sent with your papers. You must use registered post and retain your registered post label / receipt.

Ba chóir duit tabhairt faoin obair i seomra ciúin atá saor ó ábhar seachráin. Ba chóir duit an spás sin a ullmhú roimh ré. Beidh **48 n-uaire an chloig** agat ón am a dtosaíonn tú ar do chéad scrúdú sula mbeidh ort na freagarleabhair go léir a chur ar ais chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge. Cuir do chuid páipéar ar ais chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (SCG/OCG), Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9, ag baint úsáide as an gclúdach litreach agus as an lipéad a chuirfear chugat le do chuid páipéar. Caithfidh tú post cláraithe a úsáid agus caithfidh tú d'admháil / lipéad ón bpost cláraithe a choinneáil.

	Original scheduled time **Bun-Am sceidealaithe**	Module **Modúl**	Revised arrangement **Socrú Nua**
Thursday 20 August Déardaoin 20 Lúnasa	Thursday 20 August 10.00am – 1.00pm Déardaoin, 20 Lúnasa 10.00 r.n. – 1.00 i.n.	Paper 1 SCG (3 hours) Written Assessment OCG (3hours) Páipéar 1 (SCG) (3 huaire) Triail Scríofa (OCG) (3 huaire)	Examination papers and Answer books will be made available by post and Examination papers will also be available to download from www.ilrweb.ie from 9.00am Cuirfear Páipéir Scrúdaithe agus Freagarleabhair ar fáil tríd an bpost. Beidh Páipéir Scrúdaithe agus Freagarleabhair ar fáil le híoslódáil ó www.ilrweb.ie ó 9.00r.n.
	Thursday 20 August 3.00pm – 4.00pm Déardaoin, 20 Lúnasa 3.00i.n. – 4.00i.n.	Aural SCG (approx 55minutes) Aural OCG (approx. 55 minutes) An Triail Chluastuisceana (SCG) (thart ar 55 nóiméad) An Triail Chluastuisceana (OCG) (thart ar 55 nóiméad)	The Aural Answer book template(s) will be made available by post and will also be available to download at www.ilrweb.ie from 9.00am The Aural audio file will be available to download www.ilrweb.ie from 9.00am. Cuirfear Freagarleabhair ar fáil tríd an bpost agus beidh siad ar fáil le híolódáil ó www.ilrweb.ie ó 9.00 r.n. Cuirfear comhad fuaime don Triail Chluastuisceana ar fáil ag www.ilrweb.ie ó 9.00 r.n.
Friday 21 August Aoine 21 Lúnasa	Friday 21 August 10.00am – 11.30am Aoine, 21 Lúnasa 10.00r.n. – 11.30r.n.	Paper 2 (1.5 hours) Páipéar 2 (1.5 uair an chloig)	Examination papers and Answer books will be made available by post and will also be available to download at www.ilrweb.ie from 9.00am. Cuirfear Páipéir Scrúdaithe agus Freagarleabhair ar fáil tríd an bpost. Beidh Páipéir Scrúdaithe agus Freagarleabhair ar fáil le ag híoslódáil ó www.ilrweb.ie ag 9.00r.n.
Thursday 20 August Déardaoin 20 Lúnasa	Thursday 20 August 10.00am – 5.00pm Déardaoin, 20 Lúnasa 10.00 r.n. – 2.00 i.n.	OCG oral assessments SCG oral examinations (15-20 minutes) OCG: Triail i Labhairt na Gaeilge SCG Scrúdú I Labhairt na Gaeilge (15-20 nóiméad)	OCG, 3 pictures and SCG Readings will be available to download from www.ilrweb.ie from 9.00am OCG, beidh 3 phictiúr ar fáil, agus SCG, beidh sleachta léitheoireachta ar fáil le híoslódáil ó www.ilrweb.ie ó 9.00 r.n. OCG/SCG: An examiner will contact you by phone to confirm allocated time for your oral assessment/examination which will take place on 20th August. OCG/SCG: Beidh scrúdaitheoir i dteagmháil leat ar an bhfón chun an t-am a tugadh duit do 20 Lúnasa do Thriail/Scrúdú i Labhairt na Gaeilge a dheimhniú leat.

Friday 21 August Aoine 21 Lúnasa	Friday 21 August 10.00am – 2.00pm Friday, 21 Lúnasa 10.00r.n. – 2.00i.n.	OCG oral assessments SCG oral examinations (15-20 minutes) OCG: Triail i Labhairt na Gaeilge SCG Scrúdú I Labhairt na Gaeilge (15-20 nóiméad)	OCG, 3 pictures and SCG Readings will be available to download from www.ilrweb.ie from 9.00am OCG, beidh 3 phictiúr ar fáil, agus SCG, beidh sleachta léitheoireachta ar fáil le híoslódáil ó www.ilrweb.ie ó 9.00 r.n. OCG/SCG: An examiner will contact you by phone to confirm allocated time for your oral assessment/examination which will take place on 21st August. OCG/SCG: Beidh scrúdaitheoir i dteagmháil leat ar an bhfón chun an t-am a tugadh duit do 21 Lúnasa do Thriail/Scrúdú i Labhairt na Gaeilge a dheimhniú leat.

- The provisional results of the Written Examinations/Assessments and Oral Examinations/Assessments, conducted remotely, will be subject to verification and moderation by Aodán Mac Suibhne, Ceann Roinn na Gaeilge and Dr Marie Whelton, Léachtóir, Roinn na Gaeilge, Marino Institute of Education.

  Déanfaidh Aodán Mac Suibhne, Ceann Roinn na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino agus an Dr Marie Whelton, Léachtóir, Roinn na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino, athbhreithniú agus modhnóireacht ar thorthaí sealadacha na Scrúduithe / na dTrialacha Scríofa agus ar thorthaí na Scrúduithe / na dTrialacha i Labhairt na Gaeilge – scrúduithe agus trialacha a chuirfear ar siúl go cianda.

- Where Marino Institute of Education/The SCG OCG office have a concern about the validity of any result then Marino Institute of Education and the SCG OCG office reserve the right to require a candidate to re-take any examination / assessment or otherwise verify a result where a discrepancy is possible or apparent.

  Má bhíonn ceist ag Institiúid Oideachais Marino / ag Oifig an SCG OCG faoi bhailíocht toraidh, coimeádann Institiúid Oideachais Marino an ceart iarraidh ar iarrthóir aon scrúdú / aon triail a dhéanamh arís nó toradh a dheimhniú ar bhealach eile sa chás go bhféadfadh neamhréiiteach a bheith ann nó sa chás go mbíonn neamhréiteach le feiceáil.

- Details will issue to candidates by post and will also be available from www.ilrweb.ie

  Cuirfear an t-eolas seo ar fáil d'iarrthóirí tríd an bpost agus ar shuíomh idirlín SCG / OCG: www.ilrweb.ie

- Candidates will have the option of undertaking the SCG examinations and the OCG assessments remotely on 14 and 15 April as outlined above or may undertake the August examination / assessment 20 and 21 August (should government restrictions be lifted and MIE is open to students) in Marino Institute of Education as their first attempt at the 2019/20 examination.

  Beidh rogha ag iarrthóirí tabhairt faoi na Scrúduithe SCG agus faoi na Measúnuithe OCG go cianda ar 14 agus 15 Aibreán mar a sonraíodh thuas nó is féidir le hiarrthóirí tabhairt faoi na scrúduithe / measúnuithe, mar chéad-iarracht ar scrúduithe / mheasúnuithe na bliana 2019/2020, ar 20 agus 21 Lúnasa (má bhíonn deireadh le srianta an Rialtais faoin tráth sin agus má bhíonn IOM ar oscailt do mhic léinn) in Institiúid Oideachais Marino.

FAQ / Ceisteanna Coitianta

Q. Why is a 48 hour period being allowed?
A. In the current unprecedented circumstances we are conscious that many candidates may be responsible for the care needs of young children or elderly relatives. It is therefore important to allow flexibility as currently all circumstances and contexts are not the same.

C. Cén fáth a bhfuil 48 n-uaire an chloig á dtabhairt?
F. Sna cúinsí reatha, gan fasach, tuigtear go bhfuil freagrachtaí ar go leor iarrthóirí maidir le cúram páistí óga agus sean-ghaolta. Tá sé tábhachtach solúbthacht a thabhairt toisc nach bhfuil cúinsí agus comhthéacsanna mar an gcéanna do gach iarrthóir.

Q. Do I have to do the paper at the same time originally scheduled?
A. No. The examination does not have to be done at the same time as scheduled. You can decide when is the best time for you to complete.

C. An gcaithfidh mé an páipéar a dhéanamh ag an am a bhí leagtha síos?
F. Ní chaithfidh sé a bheith déanta ag an am a bhí leagtha síos. Is féidir leatsa an t-am is fearr a oireann duit féin a roghnú chun é a dhéanamh.

Q. Can I spend more than the allotted time on the paper?
A. No. You must spend only the allotted time. For example you may only spend 3 hours on Paper 1 (SCG) or Triail Scríofa (OCG).

C. An féidir liom níos mó ama ná an méid ama atá leagtha síos don pháipéar a chaitheamh ar an bpáipéar?
F. Ní féidir. Caithfidh tú an méid ama atá leagtha síos a chaitheamh ar an bpáipéar agus an méid sin ama amháin. Mar shampla, ní féidir leat ach 3 huaire an chloig a chaitheamh ar Pháipéar 1 (SCG) nó ar an Triail Scríofa (OCG).

Q. When does my 48 hour period start?
At 9am on Thursday 20th August or whenever you start your first examination.
C. Cathain a thosaíonn an 48 n-uaire an chloig?
Ar 9.00 r.n. Déardaoin 20 Lúnasa nó pé am ag a gcuireann tú tús le do chéad pháipéar scrúdaithe.

Q. My papers and answer books have not arrived, or my post arrives late in the day, what are my options?
A. We will send the Answer Books and your exam / assessment number by post first and please check contents on receipt. We will then send your relevant Papers and Aural Answer Books in time to arrive on Thursday 20th August. However we cannot guarantee that this will happen in all cases. If they have not arrived then do not panic. You can wait until they arrive in the post and your 48 hour period will begin then. If your Answer Books have arrived by post but your Examination Papers have not, you may download the Examination Papers from 9.00 am from www.ilrweb.ie and start working then.

C. Níl mo chuid páipéar agus mo chuid freagarleabhar tar éis teacht fós, nó tagann mo phost déanach sa lá, de ghnáth, céard is féidir liom a dhéanamh?
F. Cuirfimid na Freagarleabhair agus d'uimhir scrúdaithe / d'uimhir mheasúnaithe chugat sa phost ar dtús, ba chóir duit an clúdach sin a oscailt agus a sheiceáil nuair a fhaigheann tú é. Cuirfimid na Páipéir agus na Trialacha Cluastuisceana chugat ansin agus ba chóir duit iad a fháil Déardaoin, 20 Lúnasa. Ní féidir linn ráthaíocht a thabhairt go dtarlóidh sé sin i ngach cás, áfach. Mura dtagann do phacáistí in am, ná bí buartha. Is féidir leat fanacht go dtí go dtagann do phacáistí agus is féidir leat tosú orthu nuair a thagann siad. Tosóidh do thréimhe

48 n-uaire nuair a thosaíonn tusa ag scríobh. Má tá na Freagarleabhair agat agus mura bhfuair tú na Páipéir Scrúdaithe sa phost go fóill, is féidir leat na Páipéir Scrúdaithe a íoslódáil ó 9.00 r.n. ó www.ilrweb.ie agus is féidir leat tosú orthu láithreach.

Q. What will I need for my Oral examination?
A. You will need a quiet room and access to your phone (mobile or house phone). Please have one form of identification (driving licence or passport). For SCG have the Reading passages (downloaded or that arrived by post). For OCG have one of the 3 pictures available that morning at www.ilrweb.ie or have your copy of *Sruth na Maoile*.

C. Céard a bheidh ag teastáil uaim do mo Scrúdú i Labhairt na Gaeilge / do mo Thriail i Labhairt na Gaeilge?
F. Beidh seomra ciúin agus teacht ar fhón (fón póca nó fón baile). Beidh ort foirm aitheantais amháin a bheith agat (ceadúnas tiomána nó pas). Don SCG, beidh ort na sleachta léitheoireachta a tháinig tríd an bpost nó a fuair tú ón suíomh idirlín a bheith os do chomhair. D'OCG, beidh ort ceann amháin de na trí phictiúr (a bheidh ar fáil an mhaidin sin ag www.ilrweb.ie) a bheith os do chomhair nó cóip de *Sruth na Maoile*.

Q What do I do when finished?
A. Place everything in the envelope provided and post it back to Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (SCG / OCG), Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9. If post Office is closed then post it the next morning by registered post. Retain registered post label or receipt.

C. Céard a dhéanfaidh mé nuair a bheidh críochnaithe agam?
F. Cuir gach rud sa chlúdach litreach a fuair tú agus cuir sa phost é chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (SCG / OCG), Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9. Má bhíonn Oifig an Phoist dúnta, fan go dtí an mhaidin dar gcionn agus cuir sa phost cláraithe é ansin. Coinnigh admháil nó lipéad ón bpost cláraithe.

Q. What happens if I become ill?
A. If you or someone in your house becomes ill then inform Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (SCG / OCG) at scg@mie.ie or ocg@mie.ie

C. Céard a tharlaíonn má bhím tinn?
F. Má éiríonn tusa nó duine i do theach tinn, cuir é sin in iúl d'Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (SCG / OCG) ag scg@mie.ie nó ocg@mie.ie

Q. What happens if I have an issue on the examination days?
A. Contact Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (SCG / OCG) by email only to scg@mie.ie or ocg@mie.ie These email addresses will be monitored throughout the exams and you should only email once and wait until you get a reply.

C. Céard a tharlaíonn má bhíonn fadhb agam i rith laethanta na scrúduithe?
F. Déan teagmháil le hOifig na gCáilíochtaí Gaeilge (SCG / OCG) trí ríomhphost amháin chuig scg@mie.ie nó ocg@mie.ie. Déanfar monatóireacht ar na seoltaí ríomhphost sin i rith na scrúduithe. Ba chóir duit ríomhphost a chur uair amháin agus fanacht go bhfaigheann tú freagra.

CANDIDATES WHO HAVE OUTSTANDING FEES DUE SHOULD ARRANGE PAYMENT AT www.ilrweb.ie

IARRTHÓIRÍ A BHFUIL TÁILLÍ FÓS LE hÍOC ACU, BA CHÓIR DÓIBH ÍOCAÍOCHT A EAGRÚ AG www.irlweb.ie